C/2023/1021

17.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11352 - SVP / APCOA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1021)

1. An 10 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Strategic Value Partners LLC ('SVP', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— APCOA Parking Holdings GmbH ('APCOA', an Ghearmáin) faoi rialú Centerbridge Partners, L.P. ('Centerbridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh SVP urlámhas aonair ar APCOA ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é SVP atá gníomhach go príomha san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe, a dhíríonn ar bhainistíocht modh ciste fálaithe agus ciste hibrideacha cothromais phríobháidigh hibrideacha a infheistíonn i margaí cothromais phoiblí agus phríobháidigh, margaí fiachais agus infheistíochtaí malartacha eile,

— Is soláthraí uile-Eorpach seirbhísí bainistíochta carrchlóis, seirbhísí comhairleoireachta agus forfheidhmithe páirceála, agus réitigh bainistíochta tacsaí nó tointeála é APCOA.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11352 - SVP / APCOA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG/BELGIUM